

Léigh leat na nótaí seo a leanas sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais.

**Ba cheart an fhoirm a chomhlánú i nDÚCH DUBH agus i mBLOCLITREACHA. CAITHFIDH GACH IARRTHÓIR NA CODANNA 1, 2, 3, 4, AGUS 5 A CHOMHLÁNÚ. Tuigtear go gcuirfear ar ais chugat aon fhoirm nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán.**

Le cabhrú leis an bpróiseas iarrthóireachta, déan deimhin de go bhfuil gach faisnéis a thugann tú i ngach cuid den fhoirm cruinn agus inléite agus go bhfuil seic, ordú poist nó dréacht bainc is fiú €50, iníoctha leis an Oifig um Rialú Tobac, iniata agat.

**Ba cheart an fhoirm seo agus an íocaíocht a chur ar ais chuig:**

Clár na Miondíoltóirí Táirgí Tobac, An Oifig um Rialú Tobac, Willow House, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co Chill Dara.

Nó de rogha air sin,  
cláraigh thú féin ag  
[www.tobaccoregister.ie](http://www.tobaccoregister.ie)

## Cuid 1: Mionsonraí an iarratasóra

Más trádálaí aonair thú, cuir tic sa bhosca cuí le tabhairt le fios go bhfuil tú do do chlárú féin mar thrádálaí aonair. Tabhair d'ainm, an seoladh mar a mbíonn tú i do chónaí de ghnáth (seoladh baile) agus do dháta breithe le fios.

Más chomhpháirtíocht sibh, cuir tic sa bhosca cuí le tabhairt le fios go bhfuil sibh do bhur gclárú féin mar chomhpháirtíocht, agus tabhair ainm na gcomhpháirtithe go léir, an seoladh mar a mbíonn siad ina gcónaí de ghnáth (seoladh baile) agus a ndáta breithe. Má tá breis agus ceathrar comhpháirtí i chomhpháirtíocht, iarrtar ort an bhileog leanúna i gCuid 6 a chomhlánú.

Más cuideachta thú, cuir tic sa bhosca cuí le tabhairt le fios go bhfuil tú do do chlárú mar chuideachta, tabhair ainm na cuideachta, seoladh oifig chláraithe na cuideachta agus uimhir chláraithe na cuideachta (leis an an Oifig um Chlárú Cuideachtaí).

## Cuid 2: Mionsonraí faoin Áitreabh

Tabhair mionsonraí faoi gach áitreabh mar a mbíonn tú ag miondíol tobac. I gcás gach áitribh atá tú a chlárú:

Sonraigh ainm an ghnó, an cineál gnó\*, líon na gcoimeádán dúnta agus/nó na meaisíní díola féinseirbhíse (más áitreabh ceadúnaithe é (faoi bhrí na nAchtanna Deochanna Meisciúla) nó club cláraithe) atá in úsáid san áitreabh agus seoladh an áitribh mar a ndíoltar an tobac.

Má tá aonad soghluaiste agat, sonraigh aon ainm gnó atá ar an aonad soghluaiste, líon na gcoimeádán dúnta, uimhir chláraithe na feithicle agus an seoladh mar a gcoinnítear an fheithicil de ghnáth.

Má tá níos mó ná 4 áitreabh le clárú, bain úsáid as an mbileog leanúna i gCuid 7.

\*Mar shampla: Stór áisiúlachta, Siopa Neamhchustaim, Stainnín Bia, Réamhchúirt Garáiste, Príomhshíopa, Óstán, Grósaer Neamhspleách, Áitreabh Ceadúnaithe, Aonad Soghluaiste, Nuachtánaí, Club Oíche, Club Cláraithe, Bialann, Siopa, Ollmhargadh.

## Cuid 3: Mionsonraí faoi na Soláthraithe

Sonraigh ainm agus seoladh gach duine a sholáthraíonn táirgí tobac don iarratasóir.

Má tá níos mó ná 5 soláthraí, bain úsáid as an mbileog leanúna i gCuid 8.

## Cuid 4: Cosaint Sonraí agus Cuid 5: Ráiteas

Caithfidh gach iarratasóir na codanna seo a chomhlánú.

Déan deimhin de go bhfuil an fhoirm sínithe agat, go bhfuil na sonraí a thugann tú ceart agus go bhfuil seic, ordú poist nó dréacht bainc is fiú €50, iníoctha leis an Oifig um Rialú Tobac, iniata agat.

# Cuid 1: Mionsonraí an iarratasóra

Chun úsáide Oifige amháin

**Cineál Miondíoltóra** Trádálaí Aonair  Cuideachta  Comhpháirtíocht  (cuir tic le ceann amháin)

(Tabhair le fios cé acu mar thrádálaí aonair, mar chuideachta nó mar chomhpháirtíocht atá tú ag clárú)

**Teideal** Mr  Mrs  Ms  Other  Eile tabhair le fios \_\_\_\_\_

**Ainm an Iarratasóra** (Ainm an trádálaí aonair, ainm na cuideachta nó ainm an chéad chomhpháirtí)

**Dáta Breithe**

**Uimhir Chláraithe na Cuideachta**

(Dáta breithe an trádálaí aonair/chéad chomhpháirtí ll/mm/bbbb)

(Uimhir chláraithe na cuideachta, más bainteach)

**Seoladh**

(I gcás an trádálaí aonair nó an chéad chomhpháirtí, tabhair an seoladh mar a mbíonn tú i do chónaí de ghnáth (seoladh baile), i gcás cuideachta cláraithe, tabhair seoladh oifig chláraithe do chuideachta)

**Baile Mór/Cathair**

**Contae**

**Tír**

**Comhpháirtithe Breise (más comhpháirtíocht atá tú a chlárú)**

(Tabhair sonraí gach comhpháirtí breise sa chomhpháirtíocht. Má tá níos mó ná 3 comhpháirtí breise, bain úsáid as an mbileog leanúna i gCuid 6.)

Ainm	Seoladh mar a mbíonn siad ina gcónaí de ghnáth (seoladh baile)	Dáta Breithe (ll/mm/bbbb)

## Cuid 2: Mionsonraí faoin Áitreabh

(Tabhair mionsonraí faoi gach áitreabh (nó aonad soghluaiste) óna mbíonn tú ag miondíol táirgí tobac. Má tá níos mó ná 4 áitreabh le clárú, bain úsáid as an mbileog leanúna i gCuid 7.)

### Áitreabh

Ainm gnó (más bainteach) (féach nóta 1 thíos)	Cineál gnó (féach nóta 2 thíos)	Líon na gcoimeádán dúnta (féach nóta 3 thíos)	Líon na meaisíní díola inseirbhíse (féach nóta 3 thíos)	Uimhir Chláraithe Feithicle (más bainteach) (féach nóta 4 thíos)	Seoladh na n-áitreabh mar a miondíoltar na táirgí tobac go hiomlán nó go neamhiomlán. Más trádálaí soghluaiste thú tabhair le fios freisin an seoladh mar a gcoinnítear an fheithicil de ghnáth. (féach nóta 5)	An raibh táirgí tobac á ndíol agat roimh 1 Iúil 2009? bhí/ní raibh

### Nótaí Comhlánaithe:

1. Tabhair ainm an ghnó le fios (nó aon ainm gnó atá ar an aonad soghluaiste).
2. Sonraigh an cineál gnó (mar shampla Stór Áisiúlachta, Siopa Neamhchustaim, Stainnín Bia, Réamhchúirt Garáiste, Príomhshíopa, Óstán, Grósaer Neamhspiléach, Áitreabh Ceadúnaithe, Aonad Soghluaiste, Nuachtánaí, Club Oíche, Club Cláraithe, Bialann, Siopa, Ollmhargadh.).
3. Sonraigh líon na gcoimeádán dúnta agus/nó na meaisíní díola féinseirbhíse (más áitreabh ceadúnaithe é (faoi bhrí na nAchtanna Deochanna Meisciúla) nó club cláraithe) atá in úsáid san áitreabh
4. Sonraigh uimhir chláraithe feithicle an aonaid shoghluaiste, más bainteach.
5. Sonraigh seoladh an áitribh mar a ndíoltar an tobac (nó seoladh na háite ina gcoinnítear de ghnáth an t-aonad soghluaiste as a ndíoltar an tobac).

## Cuid 3: Mionsonraí faoi na Soláthraithe

### Soláthraithe

(Tabhair sonraí faoi gach duine de do sholáthraithe tobac. Má tá breis agus cúigear le sonrú, bain úsáid as an mbileog leanúna i gCuid 8.)

Ainm an tSoláthraí ( <i>féach nóta 1 thíos</i> )	Seoladh Gnó ( <i>féach nóta 2 thíos</i> )

### Nótaí Comhlánaithe:

1. Sonraigh ainm agus seoladh gach duine nó comhlachta a sholáthraíonn táirgí tobac don iarratasóir. Más ag iarraidh meaisín díola féinseirbhíse a chlárú atá tú, tabhair oibreoir do mheaisín díola le fios.
2. Sonraigh ainm agus seoladh an duine nó an chomhlachta a sholáthraíonn táirgí tobac don iarratasóir.

## Cuid 4: Cosaint Sonraí

Leis seo toilím le próiseáil na faisnéise pearsanta a bhaineann liomsa anseo, chun críche Ailt 37 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 arna leasú ag Alt 9 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú) 2004. Toilím le húsáid m'fhaisnéise pearsanta mar a leagtar amach anseo thíos.

### Arna shíniú

### Dáta

(Síniú an iarratasóra)

(ll/mm/bbbb)

### Bailiú agus úsáid faisnéise pearsanta

Féadfaidh an Oifig um Rialú Tobac (ORT) faisnéis phearsanta a bhailiú nuair a iarrann miondóltóirí go gclárófaí iad mar dhaoine atá i mbun gnó i gcáil miondóltóirí táirgí tobac.

Bainfidh an ORT úsáid as aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar an gcaoi seo agus í ag comhlíonadh a cuid freagrachtaí reachtúla, lena n-áirítear, gan nithe eile a eisiáimh, Clár Náisiúnta na Miondóltóirí Tobac a riar de bhun Ailt 37 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002, arna leasú ag an Acht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú) 2004 ("na hAchtanna") nó ag aon leasú eile orthu a thiocfaidh feasta, nó de bhun aon dlí infheidhmithe eile, agus deimhnithe rialála a chur i gcrích maidir leis an ngéillúntas do na hAchtanna. Féadfar an fhaisnéis phearsanta a chur ó aithint freisin agus a úsáid ar mhaithe leis an staidreamh.

Úsáidtear an fhaisnéis phearsanta chun na híocaíochtaí a phróiseáil, dul i dteagmháil leis an duine atá i dtreis, lena n-áirítear ceisteanna a fhreagairt, agus go ginearálta feidhmeanna reachtúla na ORT a chomhlíonadh.

### Nochtadh faisnéise pearsanta

Is féidir faisnéis phearsanta a nochtadh i gcúinsí áirithe d'oifigigh údaraithe de chuid na ORT nó de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó do thríú páirtithe, chun próiseas dlí ar bith a chomhlíonadh, d'fhonn ionchúiseamh a thionscnamh maidir le cion in aghaidh na nAchtanna nó aon dlí infheidhmithe eile.

Is féidir faisnéis phearsanta a nochtadh freisin do sholáthraithe seirbhísí laistigh den AE a chuireann seirbhísí próiseála sonraí ar fáil don ORT. Ina leithéid de chás, áfach, cuirfidh an ORT comhaontú ar bun leis na soláthraithe seirbhísí le deimhin a dhéanamh de nach n-úsáidfear an fhaisnéis phearsanta ach chun na críche sin, go bpróiseálfar de réir na nAchtanna í agus go gcoinnítear slán í.

### Do chearta maidir le sonraí

Más duine aonair thú, tá tú i dteideal cóip a fháil d'aon d'fhaisnéis phearsanta a thug tú. Chun an ceart seo a fheidhmiú, caithfidh tú scríobh chuig an ORT ag an seoladh ar leathanach 1, nó d'iarratas a chur tríd an ríomhphost chuig [info@tobacregister.ie](mailto:info@tobacregister.ie). Níor mhór duit na heilimintí aitheanta a chuir tú ar fáil cheana (m.sh. ainm; seoladh; uimhir theileafóin; seoladh ríomhphoist; uimhir chláraithe) a chur leis agus aon eilimintí aitheanta pearsanta eile a d'fhéadfadh an ORT a iarraidh ort go réasúnach a chur ar fáil. Pléifear le d'iarratas chomh luath agus is féidir agus ní chaithfear níos mó ná 40 lá á phróiseáil.

Mar dhuine aonair tá an ceart agat freisin aon fhaisnéis mhíchruinn a chur á ceartú. Má fhaigheann tú amach go bhfuil faisnéis mhíchruinn i do leith i seilbh na ORT, tá tú i dteideal a rá leis an ORT an fhaisnéis sin a cheartú. Ní mór a leithéid d'ordú a déanamh i scríbhinn nó trí bhíthin ríomhphoist. Pléifear leis an iarratas chomh luath agus is féidir agus, faoi réir a bhfuil sa chéad abairt eile, ní chaithfear níos mó ná 40 lá á phróiseáil. B'fhéidir go dteastóidh fianaise ón ORT maidir le do chéannacht agus do sheoladh, d'fhonn a leithéid d'iarratas a phróiseáil.

I gcúinsí áirithe (faoi réir na riachtanas a bhaineann le clárú de bhun na nAchtanna) féadfaidh tú a iarraidh freisin go scríosfar sonraí pearsanta atá curtha ar fáil agat. Leis an gceart seo a fheidhmiú, níor mhór duit de ghnáth a bheith in ann a áitiú gur sáraíodh ar chaoi amháin nó ar chaoi eile dlí na cosanta sonraí agus an ORT ag próiseáil na sonraí atá i gceist.

### Gearáin faoi shonraí a phróiseáladh

Más ábhar buartha leat an chaoi a bpróiseáiltear sonraí pearsanta, ná bíodh aon leisce ort fáth do bhuartha a chur in iúl don ORT ag na sonraí teagmhála ar leathanach 1.

## Cuid 5: Ráiteas

Dearbhaím leis seo go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm seo ceart agus iarraim go gcuirfear na sonraí seo ar an gclár.

### Arna shíniú

### Dáta

(Síniú an iarratasóra)

(ll/mm/bbbb)

**Déan deimhin de go bhfuil an fhoirm sínithe agat, go bhfuil dearbhaithe agat go bhfuil na sonraí a thug tú ceart agus go bhfuil seic, ordú poist nó dréacht bainc is fiú €50, iníoctha leis an Oifig um Rialú Tobac, iniata agat. Níor mhór an fhoirm seo agus an íocaíocht a chur ar ais chuig: Clár Náisiúnta na Miondóltóirí Tobac, An Oifig um Rialú Tobac, Willow House, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co Chill Dara. **CAITHFIDH GACH IARRTHÓIR NA CODANNA 1, 2, 3, 4, AGUS 5 A CHOMHLÁNÚ.****

Is cion é faisnéis bhréige nó mhíthreorach a chur ar fáil go feasach nó go meargánta. Cuirfear an fhaisnéis a sholáthraíonn tú de bhun Ailt 37 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002, arna leasú ag Alt 8 Acht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú) 2004, á coimeád ar ríomhaire ag an Oifig um Rialú Tobac.

## Cuid 6: Bileog Leanúna Comhpháirtithe Breise

(Cóipeáil agus úsáid an oiread agus is gá de na bileoga seo le mionsonraí na gcomhpháirtithe a chomhlánú)

Ainm	Seoladh mar a mbíonn siad ina gcónaí de ghnáth (seoladh baile)	Dáta Breithe (ll/mm/bbbb)

## Cuid 7: Bileog Leanúna Áitreabh

(Cóipeáil agus úsáid an oiread agus is gá de na bileoga seo le mionsonraí na n-áitreabh a chomhlánú)

Ainm gnó (más bainteach) (féach nóta 1 thíos)	Cineál gnó (féach nóta 2 thíos)	Líon na gcoimeádán dúnta (féach nóta 3 thíos)	Líon na meaisíní díola inseirbhíse (féach nóta 3 thíos)	Uimhir Chláraithe Feithicle (más bainteach) (féach nóta 4 thíos)	Seoladh na n-áitreabh mar a miondíoltar na táirgí tobac go hiomlán nó go neamhiomlán. Más trádálaí soghluaiste thú tabhair le fios freisin an seoladh mar a gcoinnítear an fheithicil de ghnáth. (féach nóta 5)	An raibh táirgí tobac á ndíol agat roimh 1 Iúil 2009? bhí/ní raibh

### Nótaí Comhlánaithe:

1. Tabhair ainm an ghnó le fios (nó aon ainm gnó atá ar an aonad soghluaiste).
2. Sonraigh an cineál gnó (mar shampla Stór Áisiúlachta, Siopa Neamhchustaim, Stainnín Bia, Réamhchúirt Garáiste, Príomhshíopa, Óstán, Grósaer Neamhspleách, Áitreabh Ceadúnaithe, Áonad Soghluaiste, Nuachtánaí, Club Oíche, Club Cláraithe, Bialann, Siopa, Ollmhargadh.).
3. Sonraigh líon na gcoimeádán dúnta agus/nó na meaisíní díola féinseirbhíse (más áitreabh ceadúnaithe é (faoi bhrí na nAchtanna Deochanna Meisciúla) nó club cláraithe) atá in úsáid san áitreabh
4. Sonraigh uimhir chláraithe feithicle an aonaid shoghluaiste, más bainteach.
5. Sonraigh seoladh an áitribh mar a ndíoltar an tobac (nó seoladh na háite ina gcoinnítear de ghnáth an t-aonad soghluaiste as a ndíoltar an tobac).

## Cuid 8: Bileog Leanúna Soláthraithe

(Cóipeáil agus úsáid an oiread agus is gá de na bileoga seo le mionsonraí na soláthraithe a chomhlánú)

Ainm an tSoláthraí ( <i>féach nóta 1 thíos</i> )	Seoladh Gnó ( <i>féach nóta 2 thíos</i> )

### Nótaí Comhlánaithe:

1. Sonraigh ainm agus seoladh gach duine nó comhlachta a sholáthraíonn táirgí tobac don iarratasóir. Más ag iarraidh meaisín díola féinseirbhíse a chlárú atá tú, tabhair oibreoir do mheaisín díola le fios.
2. Sonraigh ainm agus seoladh an duine nó an chomhlachta a sholáthraíonn táirgí tobac don iarratasóir.